An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Seicliosta don phaca ionduchtúcháin

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Seicliosta don phaca ionduchtúcháin

Réamhrá

Le linn an phróisis ionduchtúcháin, ba cheart paca ionduchtúcháin a sholáthar d'iontaobhaithe carthanais nua agus cruinnithe a eagrú idir iad agus na hiontaobhaithe carthanais atá ann cheana, leis an gCathaoirleach agus le fostaithe agus oibrithe deonacha tábhachtacha eile laistigh den charthanas.

Na doiciméid thábhachtacha atá le soláthar

Ba cheart paca ionduchtúcháin a sholáthar do gach iontaobhaí carthanais. Is iad seo a leanas na hábhair atá le cur ar áireamh sa phaca ionduchtúcháin:

- Litir fáiltithe (ón gCathaoirleach);
- Doiciméad rialaithe an charthanais;
- Achoimre ghairid ar stair an charthanais agus breac-chuntas ar an obair atá ar bun aige faoi láthair;
- Tuarascáil ar dhul chun cinn, rud a foilsíodh le déanaí agus ina gcuirtear síos ar staid an charthanais maidir le haon spriocanna atá aige;
- Cairt Eagraíochta, más infheidhme;
- Liosta ar a bhfuil ainm agus sonraí teagmhála na n-iontaobhaithe carthanais reatha, an Chathaoirligh agus an rúnaí;
- Na miontuairiscí ar chruinnithe boird le déanaí;
- Sceideal cruinnithe boird atá le teacht;
- Liosta ina leagtar amach na fochoistí boird, ainm na n-iontaobhaithe atá ag fónamh ar na fochoistí agus sceideal cruinnithe na bhfochoistí;
- An tuarascáil bhliantúil agus na cuntais don dá bhliain seo a chuaigh thart;
- An Cód Iompair d'iontaobhaithe carthanais atá i bhfeidhm ag an gcarthanas;
- Foirm um Dhearbhú Leasanna;
- Gach beartas atá i bhfeidhm ag an gcarthanas, nó liosta ina leagtar amach na beartais sin agus ina léirítear cén áit ar féidir iad a fháil;
- Sonraí faoi na treoirdhoiciméid atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas;
- An Cód Rialachais do Charthanais

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid ‘Iontaobhaithe carthanais ionchasacha a earcú agus a ionduchtú’, ‘Treoir maidir le Cód Iompair d’iontaobhaithe carthanais’ agus ‘Treoir d’Iontaobhaithe Carthanais’.